



# CLÁRÚCHÁN CÁNACH

# TR1

## LE HAGHAIDH DAOINE AONAIR, COMHPHÁITÍOCHTÍ, IONTAOBHAS NÓ COMHLACHTAÍ NEAMHCHORPRAITHE AG CLÁRÍÚ LE HAGHAIDH CÁNACH IN ÉIRINN

### Féadann iad seo a leanas an fhoirm seo a úsáid:

- I gcás daoine aonair a dteastaíonn clárú uathu le haghaidh Cáin Ioncaim, CBL, ÍMAT / ÁSPC Fostóra, Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI) agus / nó Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC, is gá codanna A(1), A(3) agus B, C, D, E, agus / nó F a chomhlánú de réir mar is cuí. I gcás daoine aonair a dteastaíonn uathu clárú le haghaidh Cáin Ioncaim amháin – bain úsáid as an tseirbhís ríomh-Chlárúchán. Chun an tseirbhís seo a úsáid ní mór duit ar dtús a bheith cláraithe le haghaidh **mochúrsaí** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).
- Comhpháirtíocht, Iontaobhas, Comhlacht Neamhchorpraithe agus Comhlacht Spóirt - comhlánaigh codanna A(2), A(3) agus B, C, D, E agus / nó F de réir mar is cuí chun clárú le haghaidh, Cáin Ioncaim, CBL, mar fhostóir le haghaidh ÍMAT / ÁSPC, CCI agus / nó CGC.

I gcás gníomhairí atá ag gníomhú thar ceann Daoine Aonair / eintitis eile a dteastaíonn uathu clárú le haghaidh Cáin Ioncaim, CBL, ÍMAT / ÁSPC Fostóra agus / nó CCI, ba chóir dóibh iarratas a dhéanamh ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

**Tabhair do d'aire:** Má tá Cuid A2 agus / nó C den fhoirm seo á comhlánú agat, beidh ort focaíochtaí agus tuairisceáin a thíolacadh trí mheán leictreonach le ROS. Tá sonraí ar ROS agus na tuairisceáin agus na dliteanais chánacha ghaolmhara nach mór a íoc agus a thíolacadh go leictreonach ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

### Níor chóir do na daoine seo a leanas an fhoirm seo a chomhlánú:

- Fostaithe ÍMAT atá ag tosú oibre den chéad uair – bain úsáid as an tseirbhís Poist & Pinsin. Chun an tseirbhís seo a úsáid ní mór don fhostaí ar dtús clárú le haghaidh **mochúrsaí** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie),
- Cuideachtaí – bain úsáid as ROS sa chás go bhfuil gníomhaire ag gníomhú ar do shon nó bain úsáid as Foirm TR2,
- Leachtaitheoirí, Glacadóirí agus Comhlachtaí Neamhchorpraithe, bain úsáid as ROS sa chás go bhfuil gníomhaire ag gníomhú ar do shon,
- Comhlacht neamhchónaitheach arb é a n-aidhm eisiach uimhir chlárúcháin a fháil chun deontas/deimhniú imreítigh cánach a fháil – bain úsáid as Foirm TC1 atá ar fáil ar an suíomh idirlín,
- Eagraíocht deonach neamhbrabúsach – bain úsáid as an bhFoirm Clárúcháin TR3 - Eagraíochtaí Neamhbrabúsacha atá ar fáil ar an suíomh idirlín,
- Daoine atá ina ngníomhairí bailiúcháin do thiarnaí talún neamhchónaitheacha – bain úsáid as an bhFoirm Clárúcháin Gníomhaire Bailiúcháin atá ar fáil ar an suíomh idirlín.

Comhlánaigh an fhoirm seo in BLOCLITREACHA. Is léiriú é \* gur réimse riachtanach atá ann – nuair a thugtar roghanna, cuir S isteach sna boscaí de réir mar is cuí. Nuair a bheidh sí comhlánaithe, sínigh an dearbhú ag bun na foirme agus seol ar ais chuig an Aonad Clárúcháin cuí í. Tá sonraí na nAonad Clárúcháin ar fáil ag bun na foirme seo.

**Tabhair do d'aire:** Comhlánaigh gach rannán cuí den fhoirm seo. Mura gcuirtear a dhóthain sonraí ar fáil, féadfaidh sé go gcuirfead moill ar do chlárúcháin chánach

### Cuid A

### Sonraí Daoine Aonair

**A1 Daoine Aonair** – Tabhair na sonraí seo a leanas i leith an duine atá le clárú agus ansin comhlánaigh Cuid **A3**

1. Céadainm *	<input type="text"/>	2. Sloinne *	<input type="text"/>
3. Inscne * Fireannach <input type="checkbox"/> Baineannach <input type="checkbox"/>		4. Náisiúntacht *	<input type="text"/>
5. Dáta Breithe * L L M M B B B B		6. Seoladh Príobháideach *	<input type="text"/>
7. UPSP *	<input type="text"/>	Eircode	<input type="text"/>
(chun eolas a fháil ar an gcaoi le Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) a fháil féach <a href="http://www.gov.ie">www.gov.ie</a> )			
8. UimhirFóin * (Cód Ceantair Aitiúil san áireamh)	<input type="text"/>	9. Uimhir Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána (GNIB) / Uimhir um Chead Cónaitheachta Éireannach (IRP)*	<input type="text"/>
Ríomhphost*	<input type="text"/>	10. Uimhir Stampa um Inimirce *	<input type="text"/>
11. Stádas Sibhialta	Pósta <input type="checkbox"/>	Iarpháirtí Sibhialta <input type="checkbox"/>	Páirtnéir Sibhialta Marthanach <input type="checkbox"/>
	Singil <input type="checkbox"/>	Colscartha <input type="checkbox"/>	Baintreach <input type="checkbox"/>
	I bPáirtnéireacht Sibhialta <input type="checkbox"/>	Pósta ach ag cónaí ar leithligh <input type="checkbox"/>	I bPáirtnéireacht Sibhialta ach ag cónaí ar leithligh <input type="checkbox"/>

**12. Má tá tú pósta nó i bpáirtnéireacht shibhialta, tabhair na sonraí seo a leanas i ndáil le do chéile nó do pháirtnéir sibhialta:**

Céadainm*	<input type="text"/>	Sloinne*	<input type="text"/>
UPSP *	<input type="text"/>	Dáta Breithe	L L M M B B B B
nó mura bhfuil an UPSP ar eolas			
Sloinne roimh phósadh nó roimh an bPáirtnéireacht Sibhialta			
<input type="text"/>			

Más mian leat go ndéileálfai le do chúrsaí cánach i nGaeilge, cuir  sa bhosca

**A2 Comhpháirtíocht, Iontaobhas, Comhlacht Neamhchorpraithe** – Tabhair an fhaisnéis seo a leanas faoin gcomhlacht atá le clárú agus ansin comhlánaigh Cuid A3

14. Ainm an Chomhlachta atá le clárú \*

15. Duine Freagrach \*

(Cathaoirleach nó rúnaí an ghrúpa, nó comhpháirtí tosaíochta sa chás gur comhpháirtíocht atá ann)

(a) Ainm

(b) Seoladh

 Eircode 

(c) Fón

16. Má bhíothas cláraithe roimhe seo, sonraigh an uimhir chánach a úsáideadh 

17. Comhpháirtíocht, Iontaobhas nó Comhlacht Eile (teastaíonn ar a laghad beirt pháirtithe)

Tabhair na sonraí seo a leanas i ndáil le gach comhpháirtí, iontaobhaí nó oifigeach eile. Faoi 'Cáil', sonraigh cé acu an comhpháirtí gníomhach tosaíochta, comhpháirtí, iontaobhaí, cisteoir, srl. Atá ann Úsáid leathanach eile más gá.

Ainm	Seoladh Príobháideach (Eircode san áireamh)	Cáil	UPSP	Scairsheilbh
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/> %
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/> %
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/> %
<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/> %

**A3 Sonraí Gnó**18. Más infheidhme, sonraigh Uimhir Chlárúcháin an eintitis a bhfuil tú ag gníomhú ar a son roimh an gcuideachta / duine aonair / comhpháirtíocht dul faoi Riarachán / Leachtú / Glacadóireacht 19. Má tá tú ag trádáil faoi ainm gnó, sonraigh Trádáil mar 20. (a) % díolacháin ar líne réamh-mheasta  %(b) Seoladh Suímh Idirlín, 21. Formáid Dhlíthiúil  an bosca cuí)Trádálaí Aonair Comhpháirtíocht Eile Sonraigh 

22. Seoladh an Ghnó (má tá sé éagsúil ón seoladh príobháideach) (ní ghlactar le seoladh an Chomhairleora Cánach / an Chuntasóra)

Uimhir Fóin \*

Seoladh Suímh Idirlín

Uimhir Fóin Shoghluaiste

 Eircode 

Ríomhphost

23. Cineál gnó\*

(a) An bhfuil an gnó gafa

i miondíoltóireacht go príomha i mórdhíol go príomha déantúsaíocht go príomha i dtógáil & foirgníocht i bhforaoiseacht / próiseáil feola seirbhísí agus eile 

(b) Déan cur síos chomh mion agus is féidir ar an ngnó atá ar siúl agat. Tabhair cur síos cruinn amhail 'nuachtánaí', 'feirmeoir déiríochta', 'déantúsóir teicstíle', 'ligean maoine', 'ioncam infheistíochta', srl. Ná húsáid téarmaí ginearálta ar nós 'siopadóir', 'monaróir', 'ríomhairí', 'comhairleoir', srl.

Má bhaineann an t-iaratas le gníomhaíocht mhaoine, féadfaidh sé go mbeidh ort Painéal 45 a chomhlánú

**24. Deimhnigh má tá pacáiste bogearraí in úsáid sa chuideachta, m.sh. Pacáiste Cuntasáíochta / córas EPOS.**

Tá

Níl

Má tá, tabhair ainm na bpacáistí bogearra sin

**25. Má chuireann an gnó málaí plaisteacha ar fáil don chustaiméir cuir  isteach sa bhosca \***

**26. Cén uair a tosaíodh an gnó nó an ghníomhaíocht ar dtús? \***

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

**27. Suas go dtí cén dáta a bheidh na cuntais déanta suas lena aghaidh? \***

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

**28. Sonraigh láimhdeachas ionchais na cuideachta don 12 mhí atá le teacht \***

**29. Sonraí an Chomhairleora** - Tabhair na sonraí seo a leanas maidir le do chuntasóir nó comhairleoir cánach, más ann dó nó di, a ullmhóidh cuntais agus tuairisceáin chánach na cuideachta.

Ainm \*   
 Seoladh (Eircode san áireamh)   
 Uimhir Aitheantais an Ghníomhaire Cánach (TAIN)

Uimhir Fhóin\* (Cód Ceantair Áitiúil san áireamh)   
 Ríomhphost   
 Uimhir Fóin Shoghluaiste   
 Tagairt an Chliant

**30. Má tá an cuntasóir nó an comhairleoir cánach ag déileáil leis an gcomhfhreagras i leith an mhéid seo a leanas, cuir  sa bhosca cuí**

CBL (is e sin tuairisceáin VAT3)

CCI

ÍMAT / ÁSPC Fostóra

**31. Má tá d'áitreabh gnó ar cíós agat, sonraigh** – Ainm agus seoladh príobháideach an tiarna talún (seachas an gníomhaire eastáit nó bailitheoir cíosa)

Suim an chíosa atá á foc in aghaidh na seachtaine  na míosa  na bliana  ( Ian minicíocht) €

An dáta ar a thosaigh tú cíós a foc 

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

Fad na tréimhse cíosa / léasa socraithe.

**32. Má fuair tú an gnó ó úinéir roimhe seo, sonraigh**

Ainm agus seoladh reatha an duine óna bhfuarthas é

Uimhir CBL / cláraithe an duine sin

Tíolaic cóip den chomhaontú cíosa.

**33. Má tá tú ag clárú le haghaidh Cáin Ioncaim, cuir  sa bhosca  agus luaigh do phríomhfhoinse ioncaim thíos:**

34. Costais Trádála

Ioncam Eachtrach (Tuarastal & Pinsean san áireamh)

Ioncam Cíosa

Ioncam Infheistíochta

Eile

Sonraigh

**35. Sonraigh do chuntas bhainc nó cumann foirgníochta ar féidir aisíocaíochtaí Cánach Ioncaim a dhéanamh leis:**

Banc / Cumann Foirgníochta

Seoladh an Bhrainse

**IBAN** (34 carachtar ar a mhéad)

**BIC** (11 carachtar ar a mhéad)

36. Má tá tú ag clárú le haghaidh CBL, cuir  sa bhosca agus comhlánaigh an chuid seo

### 37. Clárúchán

(a) Sonraigh an dáta óna dteastaíonn uait an chuideachta a chlárú le haghaidh CBL \*  
(Má tá tú ag roghnú clárú le haghaidh CBL, ní fhéadtar clárú ach amháin ón tréimhse CBL reatha amháin)

L	L	M	M	B	B	B	B
---	---	---	---	---	---	---	---

(B) An bhfuil an clárú á lorg go heisiach i leith **fáltais ón Aontas Eorpach (AE)?**  
(Baineann sé seo le feirmeoirí agus eintitis neamh-incháinithe amháin) (cuir  sa bhosca cuí)

Tá Níl 

(c) An bhfuil tú ag clárú mar gheall \*

(i) **go sáraíonn do láimhdeachas** nó gur dócha go sáróidh sé na **teorainneacha** a forordaíodh le dlí le haghaidh clárúcháin? **NÓ**

(i) 

(ii) gur mhaith leat **roghnú de bheith mar dhuine incháinithe**, (cé nach bhfuil clárúchán ag teastáil de réir dlí)? **Tabhair do d'aire: Níl an rogha chun clárú ar fáil le haghaidh faighteoirí. Nó**

(ii) 

( ceachtar de (i), (ii) nó (iii) de réir mar is cuí)

(iii) go bhfuil tú ag fáil seirbhísí gnólacht le gnólacht ina bhfuil feidhm le frithmhúirir CBL? Cuir cóip den sonrasc leis seo más fíor é seo.

(iii) 

38. An bhfuil tú ag déanamh iarratais ar an mbonn cuntasaíochta fáltas airgid thirim le haghaidh earraí agus seirbhísí? (cuir  sa bhosca cuí)

Tá Níl 

Más é 'Tá' do fhreagra, an é sin mar gheall

(a) go bhfuil láimhdeachas ionchais bliantúil níos lú ná €2,000,000

(a) 

(b) go tiocfaidh 90% ar a laghad den láimhdeachas bliantúil a bhfuiltear ag súil leis ó earraí agus seirbhísí a sholáthar do dhaoine nach bhfuil cláraithe, m.sh. ospidéal, scoileanna nó an mórbhéal

(b) 

(cuir  le ceachtar de (a), nó (b) de réir mar is cuí)

39. Sonraigh an láimhdeachas bliantúil a bhfuiltear ag súil leis ó sholáthairtí earraí nó seirbhísí incháinithe taobh istigh den Stát \*

€ 

40. An mbeidh do ghnó i mbun soláthar earraí agus / nó seirbhísí?

Tá Níl 

Más é 'Beidh' do fhreagra:

(a) cuir  sa bhosca cuí agus tabhair cur síos gearr

Earraí Seirbhísí An dá cheann araon 


(b) Sonraigh an seoladh stórála agus dáilte in Éirinn le haghaidh earraí.

(c) Sonraigh soláthraithe na seirbhíse teachtaire nó seachadta le haghaidh díolachán.

### 41. Gníomhaíocht taobh istigh den Chomhphobal\*

Ba chóir duit "Tá" a fhreagairt ar na ceisteanna seo a leanas má tá tú, nó má tá sé i gceist agat trádáil le Gnólachtaí Cláraithe le haghaidh CBL i mballstáit eile an AE agus más mian leat CBL a chur i bhfeidhm ag 0%.

(a) An bhfuil sé i gceist agat earraí a sholáthar do bhallstáit eile an AE?

Tá Níl 

(b) An bhfuil sé i gceist agat seirbhísí a sholáthar do bhallstáit eile an AE?

Tá Níl 

(c) An bhfuil sé i gceist agat earraí a fháil ó bhallstáit eile an AE?

Tá Níl 

(d) An bhfuil sé i gceist agat seirbhísí a fháil ó bhallstáit eile an AE?

Tá Níl

**42. Eolas i leith Gníomhaíocht taobh istigh den Chomhphobal**

Má thug tú an freagra 'Tá' ar aon cheann de na ceistanna in 41 thuas, cuir an fhaisnéis éigeantach seo a leanas ar fáil:

Cé hiad do chustaiméirí? Daoine Aonair  Gnóthaí  An dá cheann araon

Céard iad na bearta agus na seiceálacha díograis chuí a dhéantar i leith soláthraithe nó custaiméirí reatha agus ionchasacha san AE?

Céard iad na socruithe iompair chun earraí a sholáthar taobh amuigh den Stát?

Cén doiciméadú a lorgófar le cruthú go bhfágann earraí a sholáthraítear taobh amuigh den Stát an Stát?

Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat Díolacháin soláthairtí a dhéanamh le do chustaiméirí? Dhíreacha  Trí Idirghabhálaí / Tríú páirtí  An dá cheann araon

Má dhéantar soláthairtí trí idirghabhálaí / tríú páirtí, déan cur síos ar an slabhra soláthair. Bíodh eolas i leith áiseanna stórála / páirtithe comhlíontachta / seachadadh san áireamh de réir mar is cuí.

**43. Faisnéis VIES (Córas Malartaithe Faisnéise CBL).**

Má thug tú an freagra 'Tá' ar cheist 41 (a) nó 41 (b) thuas, maidir le hearraí agus / nó seirbhísí a **sholáthar** do Bhallstáit eile an AE, tá tú ag léiriú go mbeidh tú i do sholáthraí taobh istigh den Chomhphobal.

Beidh ort tuairisceáin éigeantacha VIES a thíolacadh do na Coimisinéirí Ioncaim ag sonrú na soláthairtí seo de réir na Rialachán um Cháin Bhreisluacha (Ráiteas ar Sholáthairtí Taobh Istigh den Chomhphobal), 1993.

(a) Céard é do sholáthar bliantúil measta d'earraí agus / nó seirbhísí?

Níos lú ná €635,000  Idir €635,000 agus €1m  Idir €1m agus €10m  Níos mó ná €10m

(b) An sáróidh tú €50,000 in aghaidh na ráithe i soláthar earraí? Sáróidh  Níl

**44. Sonraigh do chuntas bhainc nó cumann foirgníochta a bhféadtar aisíocaíochtaí a dhéanamh leis:**

Banc / Cumann

Foirgníochta

Seoladh an Bhrainse

**IBAN**

(34 carachtar ar a mhéad)

**BIC**

(11 carachtar ar a mhéad)

**45. Forbróir / Tiarna Talún – Sonraí na maoine chun críocha CBL**

(a) Seoladh na maoine

(b) Dáta a ceannaíodh nó a tosaíodh an fhorbairt

(c) Uimhir tagartha ceada pleanála, más cuí

(d) Ráiteas sínithe uait/ó do chliant ag deimhniú go gceannófar agus/nó go bhforbrófar an mhaoin atá i gceist agus go ndéanfar é a dhiúscairt nó a úsáid ar bhealach a chruthóidh dliteanas CBL, m.sh. trí dhíol na maoine nó trí 'rogha cánach' an Tiarna Talún a chur i bhfeidhm.

Ní mór an ráiteas seo a bheith sínithe i gcás Comhpháirtíocht, Iontaobhas nó Comhlacht Neamhchorpraithe ag an gcomhpháirtí tosaíochta nó an duine freagrach (Cathaoirleach nó Rúnaí).

## 46. Cuntasaíocht larchurtha le haghaidh CBL

An bhfuil sé i gceist agat earraí a iompórtáil ó taobh amuigh den AE?

Tá  Níl

Má tá, ar mhian leat go gcuirfí san áireamh tú maidir le cuntasaíocht iarchurtha le haghaidh CBL ar iompórtálacha den chineál sin?

Ba mhian  Níor mhian

Más mian, tabhair na sonraí seo a leanas mar atá infheidhme:

- Sonraí maidir leis an gcineál, cainníocht agus luach na n-earraí atá le bheith iompórtáilte ó taobh amuigh den AE

- Sonraí maidir le soláthraithe na n-earraí sin atá á n-iompórtáil agus téarmaí an tsoláthair sin. Ba chóir go léireodh na téarmaí soláthair go soiléir cé hé nó hí an t-iompórtálaí / an duine cuntasach

- Cé hiad do chustaiméirí?  Daoine Aonair  Gnóthaí  An dá cheann araon   
Tabhair mionsonraí

- Tabhair sonraí den chóras atá i bhfeidhm ag an duine cuntasach chun taifid a choinneáil a bhaineann le soláthar earraí ag an duine sin nó leis an duine sin a chinntíonn go bhfuil na taifid sin iomlán, cruinn agus ar fáil go héasca don duine sin. Ní mór an seoladh ag a mbeidh an fhaisnéis coinnithe a bheith san áireamh.

- Ceangail fianaise den seoladh gnó reatha, is é sin cóip den léas, comhfhreagras a fuarthas ag an seoladh, srl.

Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim doiciméid nó cruthúnais bhreise a iarraidh mar atá mínithe sa reachtaíocht i dteannta leis an méid a sonraíodh thuas. Mura dtíolactar na doiciméid nó na cruthúnais iarrtha taobh istigh den chreat ama ní dheonófar rochtain ar Chuntasaíocht larchurtha.

Ní mór d'iarratasóirí CBL ar mian leo a bheith san áireamh le haghaidh Cuntasaíocht larchurtha clárúchán Custam & Máil a bheith acu ar dtús.

## Cuid D

## Clárúchán mar fhostóir le haghaidh ÍMAT / ÁSPC

47. Má tá tú ag clárú mar fhostóir le haghaidh ÍMAT / ÁSPC cuir  sa bhosca agus comhlánaigh an chuid seo

### 48. Daoine Fostaithe

(a) Cé mhéid **fostaí** atá: **Lánaimseartha** – atá ag obair 30 uair a chloig nó níos mó sa tseachtain de ghnáth?   
**Páirtaimseartha** – atá ag obair 30 uair a chloig nó níos lú sa tseachtain de ghnáth?

(b) Sonraigh an dáta a thosaigh nó a thosóidh tú do chéad fostaí i d'fhostaíocht \*

### 49. Cén córas taifeadta párolla agus ÍMAT/ÁSPC a bheidh in úsáid agat?

Córas Ríomhaire  Córas Láimhe Eile

Sonraigh an córas párolla agus taifeadta a bheidh in úsáid agat?

Mar fhostóir tá dualgas ort faisnéis phárolla d'fhostaithe a thuairisciú do na Coimisinéirí Ioncaim i bhfíor-am. Chun é seo a dhéanamh, teastóidh deimhniú digiteach ROS uait. Tá tuilleadh eolais maidir le clárú le haghaidh ROS ar fáil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie).

### 50. Comhfhreagras maidir le ÍMAT / ÁSPC

Má tá comhfhreagras maidir le ÍMAT / ÁSPC idir lámha ag gníomhaire, cuir  sa bhosca seo  agus tabhair na sonraí seo a leanas más éagsúil ó Phainéal 29.

Ainm \*   
 Seoladh (Eircode san áireamh)   
 Uimhir Aitheantais an Ghníomhaire Cánach (TAIN)   
 Uimhir Fóin\* (Cód Ceantair Áitiúil san áireamh) Ríomhphost   
 Uimhir Fóin Shoghluaiste   
 Tagairt an Chliaint

## Cuid E

## Clárúchán le haghaidh Cáin Conarthaí Iomchuí (CCI)

Tabhair faoi deara go bhfuil sé de dhualgas ar Phríomhchonraitheoirí Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim a úsáid chun a ndualgais CCI a chomhlíonadh. Tá sé de dhualgas ar Phríomhchonraitheoirí clárú agus cuntas a thabhairt i leith CBL maidir le Seirbhísí Tógála faoi na rialacha Frithmhuirir CBL. Féach ar Chuid C den Fhoirm seo, Clárúchán le haghaidh CBL. Tá eolas mionsonraithe i ndáil le CCI agus CBL, lena n-áirítear treoracha ar dhualgais Príomhchonraitheoirí ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie)

### 51. An bhfuil tú ag déanamh iarratais chun clárú mar (cuir sa bhosca cuí): \*

(a) Príomhchonraitheoir amháin  (b) Príomhchonraitheoir & Fochonraitheoir  (c) Fochonraitheoir amháin

Má tá (a) nó (b) i bhfeidhm, tabhair líon na bhfochonraitheoirí atá i mbun oibre.

### 52. Dáta tosaigh le haghaidh CCI \*

### 53. Más príomhchonraitheoir thú an bhfuil tú cláraithe le haghaidh ROS nó an bhfuil gníomhaire cláraithe le haghaidh ROS agat atá sásta gach feidhm CCI a dhéanamh ar do shon?

Tá  Níl

Sonraigh Uimhir Aitheantais an Ghníomhaire Cánach (TAIN), más cuí

### 54. An bhfuil clárú déanta agat roimhe seo leis na Coimisinéirí Ioncaim mar Príomhchonraitheoir?

Tá  Níl

### 55. Má chláraigh, sonraigh an dáta a scoir tú de bheith i do Phríomhchonraitheoir

## Cuid F

## Clárúchán le haghaidh Cáin Gnóthachan Caipitiúil (CGC)

### 56. Má tá tú ag clárú le haghaidh Cáin Gnóthachan Caipitiúil cuir sa bhosca

### 57. Luaigh an dáta óna n-éilíonn tú clárú le haghaidh Cáin Gnóthachan Caipitiúil

## Dearbhú

Ní mór é seo a dhéanamh i ngach cás sula bhféadtar thú a chlárú le haghaidh cáin ar bith

Dearbhaim go bhfuil na sonraí atá tugtha agam san iarratas seo cruinn ar gach slí

AINM\*  SÍNIÚ\*   
 (in BLOCLITREACHA)

CÁIL\*  DÁTA\*

(Duine Aonair, Rúnaí, Comhpháirtí Tosaíochta, Iontaobháí, srl.)

Uimhir Fóin (Cód Ceantair Áitiúil san áireamh) an tSinitheora\*

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait i dtaca le cánachas in Éirinn, féach ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Sábháil am ort féin trí thíolacadh ar líne trí úsáid a bhaint as **Seirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS)**. Is áis féinfhreastail idirlín é seo trína gcuirtear modh ar fáil do chustaiméirí a gcúrsaí cánach a bhainistiú ar líne ar bhealach tapa agus slán 24/7, 365 lá sa bhliain. Tabhair do d'aire go n-iarrtar ar chatagóirí áirithe cáiníochóirí in Éirinn a dtuairisceáin chánach a íoc agus a thíolacadh ar líne. Tá tuilleadh eolais ar **Ríomhthíolacadh éigeantach** ar ár suíomh idirlín.

Tá eolas agus polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim.

Tíolaic an fhoirm seo don Aonad Clárúcháin cuí, féach sonraí thíos.

Sonraí	Seoladh	Sonraí Teagmhála
Comhlaigh le custaiméirí reatha de chuid Rannóg na gCorparáidí Móra	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Rannóg na gCorparáidí Móra Sráid Áine Loch Garman Y35 E29K	Ríomhphost: <a href="mailto:largecasesdiv@revenue.ie">largecasesdiv@revenue.ie</a> Fón: 01 738 3637 nó ó thaobh amuigh d'Éirinn + 353 1 738 3637
An Rannóg Ard-Rachmais & Seirbhísí Airgeadais le haghaidh; a) Institiúidí airgeadais (seachas Comhair Chreidmheasa) b) Comhlachtaí stochbroicéireachta c) Cistí infheistíochta rialaithe ag Banc Ceannais na hÉireann d) Iontaobhais Infheistíochta Eastáit Réadaigh e) Cuideachtaí le tacaíocht ón Údarás Forbartha Tionscail (breis agus 300 Fostaí), f) Eintitis Léasaithe Aerárthaí, g) Eintitis Árachais / Atharachais, h) GÉCS (Cistí Údaraithe) i) Eintitis Urrúsaithe Fiachais j) Cian-gheallghlacadóirí	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim An Rannóg Ard-Rachmais & Seirbhísí Airgeadais Sráid Áine Loch Garman Y35 E29K	Ríomhphost: <a href="mailto:HWFSDiv@revenue.ie">HWFSDiv@revenue.ie</a>
Gach custaiméir agus cuideachta eile	Clárúcháin Ghnó Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim O.P. Bosca 1 Loch Garman	Ríomhphost: <a href="mailto:businessstaxesregistrations@revenue.ie">businessstaxesregistrations@revenue.ie</a> Fón: 01 738 3630 nó ó thaobh amuigh d'Éirinn + 353 1 738 3630

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachtas** ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie). Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcuachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.